2026/2064

18.9.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2064 ÓN gCOIMISIÚN

an 17 Meán Fómhair 2026

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/4 ón gCoimisiún lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí dé-ocsaíde tíotáiniam de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar na hallmhairí sin

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]), agus go háirithe Airteagal 14(1) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais ([2]), agus go háirithe Airteagal 56(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/4 ([3]), d'fhorchuir an Coimisiún Eorpach dleacht frithdhumpála chinntitheach idir EUR 0,25 agus EUR 0,74 in aghaidh an kg ar allmhairí dé-ocsaíde tíotáiniam ('TiO2') de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ('an tSín') agus dheimhnigh sé bailiú na dleachta sealadaí a forchuireadh roimhe sin.

(2) An 15 Deireadh Fómhair 2025, chomhaontaigh Billions Europe Ltd, fochuideachta ar lánúinéireacht indíreach LB Group Co., Ltd, na sócmhainní a fháil a bhaineann leis an ngnó TiO2 a d'oibrigh Venator Materials UK Limited (i riarachán) roimhe sin ag a ghléasra in Greatham, an Ríocht Aontaithe ('an Ríocht Aontaithe') ([4]),

(3) D'imréitigh Údarás Iomaíochta agus Margaí na Ríochta Aontaithe an éadáil an 23 Aibreán 2026 ([5]).

(4) An 27 Aibreán 2026, d'fhógair LB Group Co., Ltd. go raibh láithreán monaraíochta líocha TiO2 Greatham (an Ríocht Aontaithe) agus sócmhainní TiO2 gaolmhara ó Venator Materials UK Limited (i riarachán) curtha i gcrích aige, agus é ar intinn aige oibriú faoi bhranda Tioxide ([6]).

(5) Cuireadh an éadáil i gcrích trí fhochuideachta LB Group LB Titanium UK Ltd ([7]) (uimhir chuideachta 16846918), a athainmníodh mar Tioxide Materials Ltd le héifeacht ón 27 Aibreán 2026 ([8]).

(6) Is táirgeoir onnmhairiúcháin Síneach é LB Group atá gníomhach i dtáirgeadh agus i ndíol TiO2. Tá TiO2 a onnmhairíonn LB Group ón tSín chuig an Aontas faoi réir na mbeart frithdhumpála a fhorchuirtear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/4.

(7) Ba chuid de ghrúpa domhanda Venator é Venator Materials UK Limited. Tá Venator ar cheann de na mórtháirgeoirí TiO2 san Eoraip agus i Meiriceá Thuaidh.

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21. ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1036/oj.
([2]) IO L 269, 10.10.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli.reg/2013/952/oj.
([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/4 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2024 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí dé-ocsaíde tíotáiniam de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar na hallmhairí sin (IO L, 2025/4, 9.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/4/oj).
([4]) Cinneadh maidir le staid ábhartha an chumaisc agus laghdú suntasach ar an iomaíocht (https://assets.publishing.service.gov.uk/media/6a213226730aece621f098e6/Full_text_decision.pdf).
([5]) https://www.gov.uk/cma-cases/lb-group-slash-venator-uk-tio2-assets-merger-inquiry#cma-clearance-decision.
([6]) https://www.lomonbillions.global/lb-group-completes-the-acquisition-of-venator-manufacturing-site/.
([7]) *Venator Materials UK Ltd (in administration) completes sale of Greatham site and its associated TiO_2 assets to LB Group* – Venator (https://www.venatorcorp.com/media/media-centre/2026/27-04-2026).
([8]) https://find-and-update.company-information.service.gov.uk/company/16846918.

(8) Ós rud é nach bhfuil aon dleacht frithdhumpála ar allmhairí TiO2 de thionscnamh na Ríochta Aontaithe, chun faireachán níos fearr a dhéanamh ar allmhairí ó na sócmhainní táirgthe atá faoi úinéireacht LB Group, mheas an Coimisiún gurbh iomchuí Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/4 a leasú trí chód TARIC breise nua a chur leis le haghaidh Tioxide Materials Ltd.

(9) Chun faireachán níos cruinne ar allmhairí TiO2 ón Ríocht Aontaithe a áirithiú agus chun gráinneacht sonraí a fheabhsú, measann an Coimisiún gur gá cóid TARIC bhreise a thabhairt isteach le haghaidh na dtairgeoirí seo a leanas:

— Tioxide Materials Ltd

— Tronox Pigments UK Limited, cuideachta chomhlachaithe de chuid Tronox Pigments Holland B.V. atá ar cheann de tháirgeoirí sampláilte an Aontais i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/4, átá ar cheann de tháirgeoirí TiO2 sa Ríocht Aontaithe,

— gach táirgeoir eile de chuid na Ríochta Aontaithe.

(10) Cuirfidh na cóid TARIC bhreise nua sin ar a chumas don Choimisiún faireachán leordhóthanach a dhéanamh ar fhorbairt allmhairí TiO2 isteach san Aontas, go háirithe sreafaí allmhairiúcháin TiO2 ón Ríocht Aontaithe, nach bhfuil faoi réir bearta frithdhumpála, i gcomparáid le hallmhairí an táirge lena mbaineann atá faoi réir bearta frithdhumpála. Chun infhaighteacht na sonraí a áirithiú, beidh allmhairí TiO2 faoi réir faireachais.

(11) I gcás ina ndéanann na cuideachtaí atá bunaithe sa Ríocht Aontaithe méadú suntasach ar a n-onnmhairí TiO2 isteach san Aontas agus, an tráth céanna, a n-allmhairí isteach sa Ríocht Aontaithe faoi chóid TARIC 2823 00 00 10, 2823 00 00 30, 3206 11 00 10, agus 3206 11 00 30, nó faoi aon chód comhfhreagrach a bheidh ann amach anseo, féadfaidh an Coimisiún scrúdú a dhéanamh an bhfuil an méadú sin nasctha le himchéimniú féideartha de réir bhrí Airteagal 13 de Rialachán (AE) 2016/1036 agus imscrúdú a thionscnamh faoi Airteagal 13(3) den Rialachán sin.

(12) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Choiste a bunaíodh le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2016/1036 agus le tuairim an Choiste um an gCód Custaim a bunaíodh le hAirteagal 285 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an mhír seo a leanas le hAirteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/4:

‘6. Cruthófar na cóid TARIC nua seo a leanas do na táirgeoirí a liostaítear:

an Ríocht Aontaithe	Tioxide Materials Ltd	88ET
an Ríocht Aontaithe	Tronox Pigments UK Limited	88EU
an Ríocht Aontaithe	Gach táirgeoir onnmhairiúcháin eile	8999’

Airteagal 2

1. Allmhairí faoi na cóid TARIC a luaitear in Airteagal 1, nó faoi aon chód comhfhreagrach a bheidh ann amach anseo, ar de thionscnamh na Ríochta Aontaithe iad, beidh siad faoi réir faireachais i gcomhréir le hAirteagal 56(5) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 chun go mbeidh an Coimisiún in ann treochtaí staidrimh allmhairí dé-ocsaíde tíotáiniam a leanúint, d’fhonn a áirithiú nach bhfuiltear ag teacht timpeall ar na bearta frithdhumpála a fhorchuirtear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/4.

2. Tiocfaidh deireadh leis na bearta faireachais a thugtar isteach le mír 1 nuair a fhoirceannfar an dleacht frithdhumpála ar allmhairí dé-ocsaíde tíotáiniam de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne nó nuair a rachaidh sí in éag.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Meán Fómhair 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN